**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2023/2152(DEC)**

25.1.2024

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh 2022: An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
(2023/2152(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Robert Biedroń



*Aontaithe san éagsúlacht*

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. dde bhrí go luaitear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas ina ghníomhaíochtaí uile neamhionannais a dhíothú, prionsabal an phríomhshruthaithe inscne a bhunú agus comhionannas inscne idir fir agus mná a chur chun cinn; de bhrí nach mór comhionannas inscne a ionchorprú i mbeartais uile an Aontais, lena n-áirítear trí bhuiséadú inscne ar gach leibhéal den phróiseas buiséadach;

B. de bhrí go bhfuil foireann EIGE rannpháirteach go gníomhach i malartú dea-chleachtas agus gníomhaíochtaí Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh(EUAN) agus a fholíonraí, chun a shineirgí a fhorbairt amhail acmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil, comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú; de bhrí go bhfuil céimeanna réamhghníomhacha glactha ag EIGE chun bearta leanúnacha a chur i bhfeidhm chun cothromaíocht inscne a fheabhsú i measc a fhoirne;

C. de bhrí go léirítear in Innéacs Comhionannais Inscne 2023 nach bhfuil ach méadú beag 1.6 pointe déanta ag na Ballstáit chun 70.2 a bhaint amach, agus go bhfuil comharthaí cúlchéimnithe ag roinnt réimsí, go háirithe maidir le méadracht eacnamaíoch agus ioncaim[1]; de bhrí gur bunaíodh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) chun rannchuidiú le cur chun cinn an chomhionannais inscne san Aontas, agus chun an cur chun cinn sin a neartú, lena n-áirítear príomhshruthú inscne i mbeartais uile an Aontais agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu, an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe bunaithe ar inscne, agus feasacht shaoránaigh an Aontais ar chomhionannas inscne a ardú;

D. de bhrí go bhfuil práinn mhéadaitheach ann don Aontas dul chun cinn a dhéanamh maidir lena Straitéis maidir le Comhionannas Inscne, i bhfianaise géarchéimeanna leanúnacha amhail cogaí, an ghéarchéim aeráide, boilsciú, agus an fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban, go háirithe sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) san Aontas agus ar fud an domhain; de bhrí go bhfuil riosca ag baint leis na géarchéimeanna atá ann faoi láthair ina dhiaidh sin go gcuirfear moill ar iarrachtaí chun comhionannas inscne a bhaint amach agus go bhfuil baol ann go gcuirfí bac ar theachtadh iomlán chearta na mban; de bhrí go ndéanann an bhochtaineacht nó an t-eisiamh sóisialta difear níos measa do mhná san Aontas ná d'fhir; de bhrí go gcuireann a ról mar phríomhchúramóirí sa teaghlach méid díréireach d'obair chúraim agus tí gan phá ar mhná, a bhfuil ról ríthábhachtach acu ina leith sin; de bhrí gurb ionann an bhearna phá idir na hinscní san Aontas agus 13 %, le héagsúlachtaí idir na Ballstáit; de bhrí go bhfuil roinnt impleachtaí ag an mbearna phá idir na hinscní, lena n-áirítear bearna 29 % i dteidlíochtaí pinsin, lena gcuirtear mná scothaosta i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta níos mó; de bhrí nach gcloítear i gcónaí leis an gceart chun pá chomhionainn as obair chomhionann agus go bhfuil sé fós ar cheann de na dúshláin is mó sna hiarrachtaí chun idirdhealú pá a chomhrac; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach

[1] https://eige.europa.eu/gender-equality-index/2023

idirdhealú idir fir agus mná a chomhrac maidir le rochtain ar fhostaíocht agus ar obair, agus comhionannas a chur chun cinn i ngairmeacha agus i gcatagóirí gairmiúla sa ghairmoiliúint; de bhrí gur cheart do na Ballstáit infheistíocht phoiblí a mhéadú i mbeartais arb é is aidhm dóibh, go díreach nó go hindíreach, gníomhú in aghaidh éifeachtaí diúltacha na géarchéime costais mhaireachtála ar mhná ina n-éagsúlacht uile, rochtain ar sheirbhísí poiblí ardcháilíochta inacmhainne a ráthú do chúram, oideachas, sláinte, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, agus tithíocht, agus chun íospartaigh foréigin inscnebhunaithe a chosaint;

E. de bhrí gur EUR 8,432,920 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (‘EIGE’) don bhliain airgeadais 2022, arb ionann é agus laghdú 3 % i gcomparáid le 2021 (EUR 8,693,358); de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a eascraíonn buiséad iomlán na hInstitiúide;

1. á mheabhrú gur bunaíodh EIGE chun rannchuidiú le cur chun cinn an chomhionannais inscne san Aontas agus é a neartú trí thaighde ardcháilíochta agus sonraí inchomparáide a chur ar fáil, chun cabhrú leis na hinstitiúidí Eorpacha agus leis na Ballstáit comhionannas inscne a phríomhshruthú ina mbeartais uile agus idirdhealú inscnebhunaithe a chomhrac; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil ról ríthábhachtach ag EIGE maidir le sonraí agus faisnéis riachtanach a bhailiú, a anailísiú, a phróiseáil agus a scaipeadh do lucht déanta beartas, do bheartais an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát faoi seach; á chur in iúl gur geal léi go háirithe obair leanúnach na hInstitiúide ar an Innéacs Comhionannais Inscne agus a rochtain ísealtairsí ar fhaisnéis do shaoránaigh; ag cur béim ar an ngá atá le beartais chomhionannais inscne agus uirlisí príomhshruthaithe inscne a chomhtháthú ar bhealach níos láidre agus níos éifeachtúla; ag athdhearbhú a glaonna arís agus arís eile go ndéanfaí tuilleadh acmhainní foirne, lena n-áirítear foireann reachtúil, a leithdháileadh ar EIGE i bhfianaise éileamh práinneach méadaitheach, cúnamh teicniúil agus iarrataí ar a sheirbhísí; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí méideanna níos mó a leithdháileadh i mbuiséad na hInstitiúide chun go mbeidh siad in ann feabhas a chur ar a gcumais earcaíochta agus taighde chun a gcuid oibre agus a n-aschur a fheabhsú tuilleadh i bhfianaise géarchéimeanna agus frithfhreagairtí ina dhiaidh sin i gcoinne an chomhionannais inscne agus daoine LGBTIQ+ a dhéanann difear díréireach do mhná;

2. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé neamhionannais agus éagóracha in aghaidh na mban a chomhrac; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar neamhionannais mhéadaitheacha i measc na mban, go háirithe i measc grúpaí i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear máithreacha aonair, mná faoi mhíchumas, mná ciníochaithe, mná LGBTIQ+, mná imirceacha agus dídeanaithe, mná scothaosta, mná i gceantair thuaithe nó i gceantair tearc ar dhaonra; á thabhairt dá haire go bhféadfaí é sin a bhaint amach trí chomhlíonadh a dhéanamh ar an ngá atá le cistiú méadaithe do ghníomhaíochtaí comhionannais inscne ó thaobh fostaíochta agus fáis de, chomh maith leis an bhforéigean inscnebhunaithe agus an bhearna phá idir fir agus mná a chomhrac, an bhearna phá sa phinsean idir fir agus mná, tionchar na ngéarchéimeanna ar mhná, príomhshruthú inscne agus buiséadú ráta méadaitheach na bochtaineachta i measc na mban, chomh maith le cearta agus daonlathas agus an smacht reachta; á chur in iúl gur geal léi, chun na críche sin, an comhar leanúnach idir EIGE agus an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM); ag cur béim ar na hiarrachtaí

ollmhóra a dhéanann EIGE chun cuspóirí, luachanna agus tosaíochtaí Pharlaimint na hEorpa a áirithiú; ag tacú go láidir le hobair na hInstitiúide, lena gcuirtear ar chumas an Choiste, trí bhíthin staidéar, taighde agus sonraí ardcháilíochta, a chuid oibre a dhéanamh i gceart; á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé sonraí iontaofa atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bheith ar fáil chun go bhféadfar beartais a cheapadh ar bhonn fianaise; ag cur sonrú sa rannchuidiú luachmhar is féidir le EIGE a dhéanamh le Coistí uile Pharlaimint na hEorpa agus le gníomhaireachtaí eile an Aontais chun príomhshruthú inscne a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i mbeartais uile an Aontais;

3. á thabhairt dá haire go bhfuil leibhéal ard leanúnach feidhmiúcháin buiséid ag EIGE, in ainneoin easpa foirne leanúnaí na gníomhaireachta, le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas suas le 97.91 % in 2022 (i gcomparáid le 98.92 % in 2021), agus ráta leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 81.10 % (72.16 % in 2021);

4. ag aithint an laghdaithe, ar chaiteachas oibríochtúil tabhairt anonn EIGE, go 42.28 % in 2023 (54.79 % in 2022);

5. á thabhairt dá haire gur dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, go gcuirtear i láthair go cothrom, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022, i gcuntais bhliantúla EIGE, agus gur tháinig deireadh le torthaí a cuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain ina dhiaidh sin;

6. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim bunaithe ar na sonraí atá ar fáil faoi láthair, gur féidir urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir EIGE i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad EIGE don bhliain airgeadais 2022.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an gCathaoirleach ina cháil mar rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 4<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Christine Anderson, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Frances Fitzgerald, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Andżelika Anna Możdżanowska, Johan Nissinen, Carina Ohlsson, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Sylwia Spurek, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Laura Ballarín Cereza, Sylvie Brunet, Marina Kaljurand, Eleni Stavrou |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Milan Brglez, Rainer Wieland |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 23 | + |
|---|---|
| PPE | Maria da Graça Carvalho, Frances Fitzgerald, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Eleni Stavrou, Rainer Wieland |
| Renew | Sylvie Brunet, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Marco Zullo |
| S&D | Laura Ballarín Cereza, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Marina Kaljurand, Carina Ohlsson, Evelyn Regner |
| The Left | Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Christine Anderson, Maria Veronica Rossi |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Andżelika Anna Możdżanowska |
| NI | Lívia Járóka |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh